Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7515/26**
**ADD 1**

**RECH 133**
**DRS 11**
**COMPET 351**
**IND 196**
**MI 269**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1800 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1800 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 1800 annex

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2026
C(2026) 1800 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú**

# IARSCRÍBHINN

## SAINMHÍNIÚ AR FHIONTAIR NUÁLACHA, AR GHNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA NUÁLACHA AGUS AR GHNÓLACHTAÍ NUÁLACHA ATÁ AG MÉADÚ

### 1. Réamhrá

Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'costais oibriúcháin' na costais a thabhaíonn an fiontar le linn a ghnáthoibríochtaí gnó, lena gcuimsítear na costais uile is gá chun earraí a tháirgeadh agus seirbhísí a sholáthar le linn na tréimhse cuntasaíochta, ach gan maoiniú ná míreanna cánach a áireamh, lena n-áirítear costais amhail costais phearsanra, ábhair, seirbhísí conarthacha, cumarsáid, fuinneamh, cothabháil, cíos, riarachán, ach gan maoiniú ná míreanna cánach a áireamh;

(b) ciallaíonn 'glandíolacháin' na méideanna arna ndíorthú ó dhíol táirgí agus soláthar seirbhísí tar éis lacáistí díolacháin agus cáin bhreisluacha maille le cánacha eile a bhaineann go díreach le láimhdeachas a asbhaint;

(c) ciallaíonn 'forbairt agus taighde' aon obair a thagann faoi chatagóir an taighde bhunúsaigh, an taighde thionsclaíoch nó na forbartha turgnamhaí tionsclaíche mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (84), (85) agus (86), de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014[1], faoi seach. ;

(d) ciallaíonn 'fiontar' aon eintiteas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, gan beann ar fhoirm dhlíthiúil na gníomhaíochta sin, lena n- áirítear comhpháirtíochtaí nó comhlachais a bhíonn ag gabháil go tráthrialta do ghníomhaíocht eacnamaíoch.

### 2. Fiontar nuálach

2.1. Is éard is 'fiontar nuálach' ann fiontar a chomhlíonann aon cheann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) in 1 bhliain ar a laghad de na 3 bliana airgeadais roimhe sin, thabhaigh sé costais taighde agus forbartha arb é atá iontu 10 % ar a laghad dá chostais oibriúcháin iomlána nó 5 % ar a laghad dá ghlandíolachán iomlán;

(b) agus an tráchtáil mar chuspóir aige, le 3 bliana airgeadais anuas tá táirgí, seirbhísí nó próisis ghnó forbartha aige, tá siad á bhforbairt aige nó forbróidh sé iad go ceann i bhfad, ar táirgí, seirbhísí nó próisis iad atá nua nó a bhfuil feabhas nach beag curtha orthu i gcomparáid leis an úrscothacht ina thionscal, agus a bhfuil riosca teipthe teicneolaíochta nó tionsclaíochta ag baint leo.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, Téacs atá ábhartha maidir le LEE. IO L 187, 26.6.2014, lgh. 1–78, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj

2.2. Chun méid na gcostas taighde agus forbartha dá dtagraítear i bpointe 2.1(a) a chinneadh, ba cheart na costais seo a leanas a chur san áireamh sna chostais taighde agus forbartha:

(a) costais phearsanra, lena n-áirítear costais taighdeoirí, teicneoirí agus ball foirne tacaíochta eile a mhéid atá siad fostaithe ar thionscadail taighde agus forbartha;

(b) costais na n-ionstraimí agus an trealaimh a mhéid a úsáidtear le haghaidh tionscadail taighde agus forbartha iad agus don tréimhse a úsáidtear dóibh sin iad; i gcás nach n-úsáidtear na hionstraimí ná an trealamh sin le haghaidh shaolré iomlán na dtionscadal, is iad na costais dímheasa a chomhfhreagraíonn do shaolré na dtionscadal, á ríomh ar bhonn prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta, agus na costais sin amháin, ba cheart a mheas a bheith incháilithe;

(c) costais le haghaidh foirgneamh agus talún a mhéid a úsáidtear le haghaidh tionscadail taighde agus forbartha iad agus don tréimhse a úsáidtear dóibh sin iad; maidir le foirgnimh, is iad na costais dímheasa a chomhfhreagraíonn do shaolré na dtionscadal, á ríomh ar bhonn prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leo, agus na costais sin amháin; maidir le talamh, na costais a bhaineann le haistriú tráchtála nó na costais chaipitil a thabhaítear iarbhír;

(d) costais a bhaineann le taighde conarthach, le heolas agus le paitinní a cheannaítear nó a cheadúnaítear ó fhoinsí seachtracha de réir coinníollacha maidir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, mar aon le costais seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí coibhéiseacha a úsáidtear go heisiach do thionscadail taighde agus forbartha;

(e) forchostais bhreise agus costais oibriúcháin eile, lena n-áirítear costais ábhar, soláthairtí agus táirgí comhchosúla, a thabhaítear go díreach mar thoradh ar na tionscadail taighde agus forbartha.

## 3. Gnólacht nuathionscanta nuálach

Is éard is ‘gnólacht nuathionscanta nuálach’ ann fiontar a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

(a) is fiontar nuálach é de réir bhrí phointe 2;

(b) is fiontar uathrialaitheach é de réir bhrí phointe 5.1.

(c) is fiontar é a fhostaíonn níos lú ná 100 bhfostaí agus nach mó ná EUR 10 mhilliún a láimhdeachas bliantúil nó iomlán a chláir comhardaithe bhliantúil, nó an dá cheann;

(d) tá sé ag feidhmiú le níos lú ná 10 mbliana tar éis a chláraithe.

## 4. Gnólacht nuálach atá ag méadú

Is éard is ‘gnólacht nuálach atá ag méadú’ ann fiontar a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas:

(a) is fiontar nuálach é de réir bhrí phointe 2;

(b) is fiontar uathrialaitheach é de réir bhrí phointe 5.1;

(c) is fiontar é ar mó ná EUR 10 milliún a láimhdeachas bliantúil nó iomlán a chláir chomhardaithe, nó an dá cheann;

(d) is fiontar é ar mó a mheánmhéadú bliantúlaithe ar an líon fostaithe nó ar an ioncam ná 20 % le linn an 2 bhliain roimhe sin;

(e) Comhlíonann sí ceann amháin ar a laghad den dá chritéar seo a leanas:

(i) is fiontar é ina bhfostaítear níos lú ná 750 duine;

(ii) níl sé liostaithe go poiblí.

5. **Cineálacha fiontar a chuirtear san áireamh agus líon foirne agus méideanna airgeadais á ríomh**

5.1. Is éard is 'fiontar uathrialaitheach' ann aon fhiontar nach n-aicmítear mar fhiontar comhpháirtíochta de réir bhrí phointe 5.2 ná mar fhiontar nasctha de réir bhrí phointe 5.5.

5.2. Is éard is 'fiontair chomhpháirtíochta' ann na fiontair uile nach n-aicmítear mar fhiontair nasctha de réir bhrí phointe 5.4 agus i gcás ina sealbhaíonn fiontar amháin (fiontar réamhtheachtach), cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt le fiontar nasctha amháin nó níos mó de réir bhrí phointe 5.5, 25 % nó níos mó den chaipiteal nó de na cearta vótála de chuid fiontar eile (fiontar iartheachtach).

5.3. Ach amháin sna cásanna a leagtar amach i bpointe 5.4, ní mheastar fiontar a bheith ina ghnólacht nuathionscanta nuálach ná ina ghnólacht nuálach atá ag fás má tá 25 % nó níos mó dá chaipiteal nó dá chearta vótála faoi rialú díreach nó indíreach ag comhlacht poiblí amháin nó níos mó, i gcomhpháirt nó go haonarach.

5.4. De mhaolú ar phointe 5.2, féadfar fiontar a rangú mar fhiontar uathrialaitheach, agus dá bhrí sin mar fhiontar nach bhfuil aon fhiontar comhpháirtíochta aige, fiú amháin má bhíonn 25 % nó níos mó dá chaipiteal nó dá chearta vótála i seilbh na n-infheisteoirí seo a leanas, ar choinníoll nach bhfuil na hinfheisteoirí sin nasctha, de réir bhrí phointe 5.5, cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt leis an bhfiontar i gceist:

(a) corparáidí infheistíochta poiblí, cistí caipitil fiontair nó cothromais phríobháidigh, daoine aonair nó grúpaí daoine aonair a bhfuil gníomhaíocht thráthrialta maidir le hinfheistíocht caipitil fiontair acu agus a infheistíonn caipiteal cothromais i ngnólachtaí neamhluaite ('aingil ghnó'), ar choinníoll go bhfuil infheistíocht iomlán na n- aingeal gnó sin san fhiontar céanna níos lú ná EUR 5 000 000;

(b) ollscoileanna nó ionaid taighde neamhbhrabúis;

(c) infheisteoirí institiúideacha, lena n-áirítear cistí forbraíochta réigiúnaí;

(d) údaráis áitiúla uathrialaitheacha ag a bhfuil buiséad bliantúil is lú ná EUR 10 milliún agus ina bhfuil líon is lú ná 5 000 áitritheoir

5.5. Is éard is 'fiontair nasctha' ann fiontair a bhfuil aon cheann de na caidrimh seo a leanas eatarthu:

(a) sealbhaíonn fiontar an tromlach de na cearta vótála scairshealbhóirí nó comhaltaí atá i bhfiontar eile;

(b) tá sé de cheart ag fiontar formhór de na comhaltaí den chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de chuid fiontar eile a cheapadh nó a chur as oifig;

(c) tá sé de cheart ag fiontar tionchar ceannasach a imirt ar fhiontar eile de bhun conradh a dhéantar leis an bhfiontar sin nó de bhun foráil ina mheabhrán comhlachais nó ina airteagail chomhlachais;

(d) déanann fiontar, ar scairshealbhóir nó comhalta fiontair eile é, rialú ina aonar, de bhun comhaontú le scairshealbhóirí nó comhaltaí eile de chuid an fhiontair sin, ar thromlach de na cearta vótála scairshealbhóirí nó comhaltaí atá san fhiontar sin

Tá toimhde ann nach ann do thionchar ceannasach mura bhfuil baint dhíreach ná indíreach ag na hinfheisteoirí dá dtagraítear i bpointe 5.4 le bainistiú an fhiontair i gceist, gan dochar dá gcearta mar scairshealbhóirí.

5.5.1. Fiontair ag a bhfuil aon cheann de na caidrimh a leagtar amach i bpointe 5.5 thuas trí fhiontar amháin eile nó níos mó, nó aon cheann de na hinfheisteoirí a luaitear i bpointe 5.4, meastar iad a bheith nasctha freisin.

5.5.2. Fiontair ag a bhfuil ceann amháin nó ceann eile de na caidrimh a leagtar amach i bpointe 5.5 thuas trí dhuine nádúrtha nó trí ghrúpa de dhaoine nádúrtha ag gníomhú i gcomhpháirt, meastar gur fiontair nasctha iad chomh maith má thugann siad faoina ngníomhaíocht nó faoi chuid dá ngníomhaíocht sa mhargadh ábhartha céanna nó i margaí cóngaracha. Chun críocha an phointe seo, ciallaíonn 'margadh cóngarach' an margadh do tháirge nó do sheirbhís atá go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach ón margadh ábhartha.

Féadfaidh fiontair dearbhú stádais a dhéanamh mar fhiontar uathrialaitheach, mar fhiontar comhpháirtíochta nó mar fhiontar nasctha, agus na sonraí maidir leis na huasteorainneacha a leagtar amach i bpointí 2, 3 agus 4 á gcur san áireamh.

5.5.3. I gcás ina mbeidh ciste infheistíochta malartach, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE[2], tar éis infheistiú i bhfiontar, níor cheart na heintitis seo a leanas a mheas mar 'fhiontair nasctha' chun críocha phointe 5.5 den Iarscríbhinn seo:

(a) an fiontar sin agus an ciste infheistíochta malartach sin;

(b) an fiontar sin agus bainisteoir an chiste infheistíochta mhalartaigh sin

(c) an fiontar sin agus fiontar eile inar infheistigh an ciste infheistíochta malartach sin.

Tá feidhm ag an gcéad fhomhír den phointe seo ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) go gcoinníonn an ciste infheistíochta malartach agus a bhainisteoir, agus na fiontair lena mbaineann, taifid chuntasaíochta ar leithligh;

2 Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe (mid-cap) bheaga. IO L 2025/1099, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1099/oj

(b) go mbíonn straitéis infheistíochta réamhshainithe ag an gciste infheistíochta malartach agus ag a bhainisteoir chun imeacht ón bhfiontar nó ó na fiontair lena mbaineann, lena n-áirítear trína luach a réadú tríd an bhfiontar a dhíol nó trí mhodhanna eile.

Féadfar an dearbhú a dhéanamh fiú amháin má scaiptear an caipiteal ar bhealach a fhágann nach féidir an sealbhóir a chinneadh go beacht, agus sa chás sin féadfaidh an fiontar a dhearbhú de mheon macánta gur féidir leis a thoimhdiú go dlisteanach nach bhfuil 25 % nó níos mó ná sin de faoi úinéireacht ag fiontar amháin nó ag fiontair nasctha le chéile i gcomhpháirt. Déantar dearbhuithe den sórt sin gan dochar do na seiceálacha agus do na himscrúduithe dá bhforáiltear i rialacha náisiúnta nó i rialacha an Aontais.

## 6. Sonraí a úsáidtear don líon foirne agus do na méideanna airgeadais agus don tréimhse thagartha

6.1. Is iad na sonraí nach mór a chur i bhfeidhm maidir leis an líon foirne agus leis na méideanna airgeadais na sonraí a bhaineann leis an tréimhse chuntasaíochta fhormheasta is déanaí agus a ríomhtar ar bhonn bliantúil. Cuirtear san áireamh ón dáta a dhúntar na cuntais iad. Déantar an méid a roghnaítear don láimhdeachas a ríomh gan cáin bhreisluacha ná cánacha indíreacha eile a chur san áireamh.

6.2. Más rud é, an dáta a dhúntar na cuntais, go bhfaigheann fiontar amach gur sháraigh sé an líon foirne nó na huasteorainneacha airgeadais a luaitear i bpointe 2 nó gur thit sé faoina mbun ar bhonn bliantúil, ní bheidh mar thoradh air sin caillteanas nó gnóthú stádais mar fhiontar nuálach ach amháin má sháraítear na huasteorainneacha sin in imeacht dhá thréimhse chuntasaíochta as a chéile.

6.3. I gcás fiontair nuabhunaithe nár formheasadh a gcuntais go fóill, beidh na sonraí atá le cur i bhfeidhm le díorthú ó mheastachán *bona fide* a rinneadh le linn na bliana airgeadais.

## 7. Líon foirne

7.1. Comhfhreagraíonn an líon foirne don líon daoine a d'oibrigh go lánaimseartha laistigh den fhiontar i gceist nó thar a cheann le linn na bliana tagartha iomláine atá á meas ('aonaid oibre bhliantúla'). Is mar chodáin d'aonaid oibre bhliantúla a chomhairtear obair na ndaoine nár oibrigh i rith na bliana iomláine, obair na ndaoine a d'oibrigh go páirtaimseartha, gan beann ar fhad na tréimhse oibre, agus obair oibrithe séasúracha. Tá an fhoireann comhdhéanta díobh seo a leanas:

(a) Fostaithe;

(b) daoine atá ag obair don fhiontar, atá faoina réir agus a mheastar a bheith ina bhfostaithe faoin dlí náisiúnta;

(c) bainisteoirí is úinéirí;

(d) comhpháirtithe a ghabhann do ghníomhaíocht thráthrialta san fhiontar agus a thairbhíonn de bhuntáistí airgeadais ón bhfiontar.

7.2. Ní dhéantar printísigh ná mic léinn a ghabhann do ghairmoiliúint a bhfuil conradh printíseachta nó gairmoiliúna acu a áireamh mar bhaill den fhoireann. Ní chuirtear tréimhsí saoire máithreachais ná tuismitheora san áireamh.

8. **Na sonraí a bhaineann le fiontar a bhunú**

8.1. I gcás fiontar uathrialaitheach, cinntear na sonraí, lena n-áirítear an líon foirne, ar bhonn chuntais an fhiontair sin agus orthu sin amháin.

8.2. Maidir le fiontar ag a bhfuil fiontair chomhpháirtíochta nó fiontair nasctha dá dtagraítear i bpointe 5, déantar na sonraí a bhaineann leis, an líon foirne san áireamh, a chinneadh ar bhonn na gcuntas agus sonraí eile de chuid an fhiontair nó, sa chás gur ann dóibh, ar bhonn chuntais chomhdhlúite an fhiontair, nó ar bhonn na gcuntas comhdhlúite ina n-áirítear an fiontar trí chomhdhlúthú.

Leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, cuirtear na sonraí a bhaineann le haon fhiontar comhpháirtíochta de chuid an fhiontair i gceist agus atá go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach uaidh. Is i gcomhréir leis an gcéatadán úis sa chaipiteal nó sna cearta vótála, cibé acu is mó, a dhéantar comhiomlánú. I gcás tras-sealúchas, bíonn feidhm ag an gcéatadán is airde.

Leis na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den phointe seo cuirtear 100 % de na sonraí a bhaineann le haon fhiontar atá nasctha go díreach nó go hindíreach leis an bhfiontar i gceist, i gcás nár cuireadh na sonraí san áireamh cheana le comhdhlúthú sna cuntais.

8.3. Chun pointe 8.2 a chur i bhfeidhm, díorthaítear sonraí na bhfiontar comhpháirtíochta den fhiontar i gceist óna gcuntais agus óna gcuid sonraí eile, na cinn chomhdhlúite más ann dóibh. Leis na sonraí sin cuirtear 100 % de shonraí na bhfiontar atá nasctha leis na fiontair chomhpháirtíochta sin, ach amháin i gcás inar cuireadh sonraí a gcuntas san áireamh cheana le comhdhlúthú.

Chun pointe 8.2 a chur i bhfeidhm, tá sonraí na bhfiontar atá nasctha leis an bhfiontar i gceist le díorthú óna gcuntas agus óna sonraí eile, na cinn chomhdhlúite más ann dóibh. Leis na sonraí sin cuirtear, *pro rata*, sonraí aon fhiontair comhpháirtíochta fhéideartha de chuid an fhiontair nasctha sin, ar fiontar go díreach réamhtheachtach nó iartheachtach é, ach amháin sa chás gur cuireadh san áireamh cheana féin iad sna cuntais chomhdhlúite de réir céatadán atá i gcomhréir ar a laghad leis an gcéatadán arna shainaithint faoi phointe 8.2, an dara mír.

8.4. I gcás nach dtaispeántar sna cuntais chomhdhlúite aon sonraí foirne le haghaidh fiontar ar leith, ríomhtar na sonraí foirne sin trí chomhiomlánú a dhéanamh go comhréireach ar na sonraí óna fhiontair chomhpháirtíochta agus trí na sonraí ó na fiontair lena bhfuil an fiontar i gceist nasctha a chur leis an gcomhiomlánú sin.